Bord Forbartha Fhine Gall
“Fine Gall níos Fearr a Thógáil”

Straitéis le haghaidh Fhorbairt Eacnamaíochta, Shóisialta & Chultúrtha Fhine Gall
Le leagan Gaeilge den tuarascáil seo a fháil dean teagmháil le hoifigí Bhord Forbartha Fhine Gall

Straitéis 2009 – 2012

Léarscáil 1: Léarscáil Ghinearálta de Fhine Gall

© Bord Forbartha Fhine Gall.
Gach ceart ar cosaint.
Uimhir Cheadúnais SO 2003/07/CCMA/Comhairle Contae Fhine Gall.

Lch1

Straitéis le haghaidh Fhorbairt Eacnamaíochta, Shóisialta & Chultúrtha Fhine Gall

Straitéis BFFG 2009 - 2012
“Fine Gall Níos Fearr a Thógáil”
Straitéis le haghaidh Fhorbairt Eacnamaíochta, Shóisialta & Chultúrtha Fhine Gall

lch2

Fís d’Fhine Gall

Cuirfidh Fhine Gall, Contae óg ilghnéitheach dinimiciúil, deiseanna ar fáil agus cáilíocht bheatha níos fearr dá shaoránaigh reatha agus do shaoránaigh na todhchaí, fad is a choinneoidh sé a ról i Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath atá ina réigiún iomaíoch go hidirnáisiúnta.

Ráiteas Misin

Déanfaidh Bord Forbartha Fhine Gall, trína chomhoibriú feabhsaithe lena bhaill, cur chun cinn ar fhorbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha Fhine Gall agus, trí dheiseanna a thapú atá ann a bhuíochas le hilchineálacht a shaoránach, cuirfidh cáilíocht bheatha níos fearr ar fáil do chách.

Bord Forbartha Fhine Gall
Bosca 174, Hall an Chontae, Sord, Fine Gall, Co. Átha Cliath.
Teil: 01 890 5095. Facs: 01 890 6259
Rphost: fingaldev@fingalcoco.ie
Gréasán: www.fdb.ie

lch3

CLÁR NA nÁBHAR

BROLLACH – FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH 4
RÁITEAS AN STIÚRTHÓRA 5
CAIBIDIL 1 – Fine Gall: Príomhfhorbairtí ón Straitéis Dheireanach i leith 7
CAIBIDIL 2 – Athbhreithniú ar Straitéis BFFG 2006 – 2008 13
CAIBIDIL 3 – An Straitéis Nua a Fhorbairt 19
CAIBIDIL 4 – Gluaiseacht Chun Cinn 2009 - 2012 21
CAIBIDIL 5 – Gealltanais Eile 35
CAIBIDIL 6 – Monatóireacht agus Feidhmiú BFFG 39
Aguisín A – Ballraíocht an Bhoird agus Choistí 42
Aguisín B – Foireann BFFG 44

lch4

BROLLACH – FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH

Tá Bord Forbartha Fhine Gall tagtha chuig deireadh thréimhse 3 bliana agus tá sé ar tí tosú ar Straitéis eile a thabharfaidh sinn go dtí 2012. Tá áthas orm foilsiú na Straitéise le haghaidh Fhorbairt Eacnamaíochta, Shóisialta agus Cultúrtha Fhine Gall 2009–2012 a chur i láthair thar ceann an Bhoird.

Seo an dara athbhreithniú ar Straitéis Bhord Forbartha Fhine Gall. Is toradh an Straitéis ar obair a tharla sa chuid dheireanach den bhliain 2008. Sa Straitéis dheireanach leagadh béim ar an ngá go mbeadh freagairt leanúnach ilghníomhaireachta ann ar na dúshláin iomadúla atá i ndán do Chontae nua Fhine Gall.

Seo toradh an hoibre – Straitéis nach bhfuil ann ach 12 bheart tosaíochta. Tógann na bearta sin ar na nithe a baineadh amach i Straitéis 2005-2008. Tá mise den tuairim go mbeidh tionchar suntasach ag na bearta sin, a luaithe is a chuirfear iad i bhfeidhm, ar cháilíocht bheatha shaoránaigh Fhine Gall. De réir mar a bheifear ag cur i bhfeidhm na mbeart sin ar bhonn céimneach leanfaidh an Bord ag tabhairt tosaíochta do dhualgais agus d'fheidhmeanna eile a shann an Rialtas láir dó ó bunaíodh é. Tugtar cuntas sonrach i gCaibidil 4 den Straitéis ar an bpróiseas don chur i bhfeidhm agus leagtar amach ann róil

agus freagrachtaí na nGníomhaireachtaí Comhordúcháin agus na gComhpháirtithe Rannpháirteacha. Is freagra iad tuairim is leath de na bearta ar ról agus téamaí a mholann an Rialtas láir. An leath eile is bearta iad a d'eascair ó chruthaitheacht agus nuálaíocht an bhoird seo ag an leibhéal áitiúil.

Ag am a scríofa ní raibh comhthéacs eacnamaíochta agus caoi an airgeadais phoiblí mar a bhí sa bhliain 2005 nuair a foilsíodh an Straitéis dheireanach. Ag am dúshlánach mar sin, nuair a chaithfear fócas níos soiléire a bheith ann ar thosaíochtaí an Bhoird Forbartha tá gá níos mó ann do chomhordú agus optamú ná mar a bhí nuair a bhí cúrsaí airgeadais go maith. Leanfaidh Bord Forbartha Fhine Gall ar aghaidh ag croí na cinnteoireachta maidir leis an gcaoi a bhfíoróidh na tosaíochtaí sin i bhFine Gall. Leanfaidh an Bord ag cur chun cinn comhroinnt acmhainní i measc a bhall, cuideoidh san iarracht deireadh a chur le dúbailt, agus breathnóidh ar bhearnaí i seirbhísí ag féachaint le freagraí cruthaitheacha a aimsiú.

Ba mhaith liom, athuair, mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhbhaill bhoird a thugann a gcuid ama go saor agus a thugann a gcuid saineolais ag cruinnithe an Bhoird agus foghrúpaí le linn an phróisis athbhreithniúcháin. Ba mhaith liom buíochas an Bhoird a ghabháil freisin leis an Stiúrthóir agus leis an bhfoireann a d'éascaigh go hábalta an próiseas athbhreithniúcháin agus a chuir tacaíocht forbraíochta, líonraithe agus loighistice ar fáil d'obair an Bhoird. Le linn mo 5 bliana i mo Chathaoirleach ar an mBord ba í an tsineirge idir an fhoireann agus na baill a chuir go mór lenár dtáirgiúlacht.

D'ainneoin na ndúshlán atá ag dul i méid ar leibhéal Náisiúnta agus anseo i bhFine Gall, leanfaidh an Bord lena obair chrua chun an Contae a chur chun cinn, cur le deiseanna fostaíochta, feabhas a chur ar infhaighteacht agus cháilíocht na seirbhísí ar an talamh, agus uasmhéadú a dhéanamh ar an gcomhoibriú idir an Stát agus gníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú ón stát.

Ciaran Byrne
Cathaoirleach
An Conhairleoir Ciaran Byrne, Cathaoirleach

lch5

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Chuir athbhreithniú 2008 an OECD ar Sheirbhís Phoiblí na hÉireann "Towards an Integrated Public Service" in iúl go raibh poitéinseal maith ann laistigh dár gcóras chun feabhas a chur ar luach ar airgead agus cáilíocht níos fearr a bhaint amach agus tuilleadh seirbhísí éifeachtacha a sholáthar do shaoránaigh. Cheap an rialtas tascfhórsa chun plean gníomhaíochta a cheapadh mar fhreagra ar athbhreithniú an OECD agus tá sé tiomanta de "go mbeidh mar chuspóir ag Seirbhís Phoiblí na hÉireann torthaí maithe a bhaint amach do shaoránaigh a chruthóidh sochaí níos rathúla in Éireann, má ghlactar iad go léir lena chéile". Seo a leanas ceann de phríomh-mholtaí an Tascfhórsa:

"Go ndéanfaí daingniú ar na Boird Ilghníomhaireachta Forbartha Contae/Cathrach (BFC) chun feabhas a chur ar sholáthar comhordaithe na seirbhísí arna maoiniú go poiblí ag an leibhéal áitiúil. Sa chomhthéacs seo ba chóir tathant ar Bhoird tionscnaimh a aithint inar féidir leo oibriú i gcomhar lena chéile ar fud na mballghníomhaireachtaí, chun tosaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm trí mheán na mballghníomhaireachtaí".

Léiríonn an Straitéis nua BFFG le haghaidh 2009 – 2012 tiomantas an OECD agus an Rialtais maidir le feabhas a chur ar obair idirghníomhaireachta chun leasa na saoránach. Leagann ár bhfís agus ár Misean béim ar an tábhacht a bhaineann le ról Fhine Gall i Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus tiomantas an bhoird oibriú le chéile chun cáilíocht bheatha níos fearr a sholáthar dár saoránaigh uile. Léiríonn fócas na dtéamaí straitéiseacha atá sa Straitéis na tosaíochtaí atá ann don Chontae faoi láthair ag

cur san áireamh an obair den scoth a rinneadh le linn thréimhse na Straitéise roimhe seo agus i gcomhthéacs na timpeallachtaí eacnamaíochta atá ag athrú.

Cé gur tharla athrú as cuimse ar ár dtimpeallacht eacnamaíochta, a leanfaidh, is dócha, ag leibhéil éagsúla le linn shaolré na Straitéise seo, is féidir linn bheith muiníneach go bhfanfaidh nithe a thacaigh lenár rath eacnamaíochta le déanaí i bhfeidhm. Tá seasamh níos fearr againn anois ná ag aon am sa stair chun ár ndúshláin eacnamaíochta reatha a shárú.

Tosaíocht ar leith againn ná sonraí iontaofa a bheith againn le haghaidh oibriú idirghníomhaireachta agus leanfaidh Mol Sonraí Fhine Gall ag forbairt agus ag fairsingiú chun sonraí ar fud an chontae a sholáthar. Tá gá ar leith ann do thionscnaimh forbartha eacnamaíochta inár dtimpeallachta eacnamaíochta reatha agus leanfaidh Invest Fingal lena thionscnaimh d'fhonn fiontair agus cruthú post a chothú fad is a dhéanfaidh Fóram Comhtháite Iompair Fhine Gall díriú ar sholáthar príomhbhonneagair. Leanfaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath ar a bheith ar an eintiteas eacnamaíochta is tábhachtaí sa Chontae agus coinneoidh Fóram Pháirtithe Leasmhara Aerfort Bhaile Átha Cliath cur chuige comhtháite maidir le cúiseanna imní eacnamaíochta, comhshaoil agus pobail chun leas foriomlán Fhine Gall. Tá soláthar cáilíocht bheatha níos fearr ina chuid bhunúsach dár misean agus déanfar é a chur chun cinn ar bhealaí spriocdhírithe trí oibriú an Phlean Chomhtháite do Thaistealaithe, Comhairle na nÓg agus an téama Míchumas/Inrochtaineacht don phobal i gcoitinne trí obair an Chomhchoiste Póilíneachta agus Healthy Fine Gall. Leanfaidh an Coiste um Bearta Cuimsitheachta Sóisialta lena ról tábhachtach uileghabhálach i gcomhordú na dtionscnamh maidir le cuimsitheacht shóisialta ag a bhallghníomhaireachtaí agus díreoidh ar chomhtháthú ár bpobal nua.

Is toradh é ár Straitéis nua ar obair chomhoibritheach den scoth idir foireann na Stiúrthóireachta agus Baill Bhoird Fhorbairt Fhine Gal. Táim ag tnúth le cur i bhfeidhm sásúil na Straitéise sna ceithre bliana amach romhainn.

PJ Howell
Stiúrthóir Seirbhísí
PJ Howell, Stiúrthóir

lch6

Hall an Chontae, Sord

lch7

CAIBIDIL 1
FI NE GALL: PRÍOMHFHORBAIRTÍ ÓN STRAITÉIS DHEIREANACH I LEITH

Le linn shaolré na Straitéise deireanaí (2006-2008) tharla 3 bliana eile d'fhás gasta eacnamaíochta agus daonra. Lean an Contae ar aghaidh ag baint fónaimh as infheistiú sa bhonneagar. Mar thoradh air seo bhí tuilleadh deiseanna fostaíochta ann agus feabhas ar cháilíocht na beatha i gcoitinne.

Mar thoradh ar an mborradh eacnamaíochta ó lár na nóchaidí agus ar an éileamh ar thithíocht i réigiún Bhaile Átha Cliath tharla fás gasta daonra i limistéar Fhine Gall. Ní hé amháin gur tharla fás suntasach ar an daonra i bhFine Gall, ach tá an fás sin ina fhás níos uathúla, níos casta agus níos ilchineálaí ná riamh cheana mar is léir ó chomhdhéanamh óg an daonra, rátaí arda breithe, cineálacha éagsúlaithe teaghlach, meascán eitneach agus éagothroimí ioncaim i measc an phobail. An dúshlán leanúnach atá ann don Bhord ná a

chinntiú go leanfar le forbairt eacnamaíochta i bhFine Gall agus go mbainfear amach an timpeallacht shóisialta, eacnamaíochta agus chultúrtha is fearr agus is féidir don Chontae agus dá shaoránaigh.

Mar a tharlaíonn i ngach timthriall eacnamaíochta, beidh amanna de chúlú eacnamaíochta ann i gcónaí. Bhí tionchar níos déine ag an gcúlú eacnamaíochta seo ar Éirinn ná mar a bhí ar ár gcomharsana Eorpacha. Níl Fine Gall saor ón tionchar seo, agus tá dúshláin mhóra ann maidir le cothú fostaíochta, gníomhaíochtaí gnó agus leibhéil infheistíochta. Éileoidh sé seo forbairt bhreise agus soláthar bonneagair, seirbhísí agus tacaíochtaí chun ár bpobal a chothú, maille lena scileanna agus foinsí oibrithe agus ar deireadh thiar ár n-eacnamaíocht áitiúil. Beidh sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh Fine Gall ábalta sochar a bhaint as an bhfeabhas a thiocfaidh ar an eacnamaíocht.

Fás an Daonra ón Straitéis dheireanach i leith
B'ionann an fás daonra ó 2002 go 2006 agus díreach os cionn 22%, agus mar sin ba é Fine gall an Contae ba ghasta fás inar ré i dtéarmaí absalóideacha agus i dtéarmaí coibhneasta. Léiríodh luas an fháis sin i ndaonáireamh 2006 a léirigh go raibh daonra Fhine Gall tar éis 239,992 a shroicheadh.

Fíor 1 Daonra Fhine Gall – Daonra ag Fás

250000
230000
210000
190000
170000
150000
130000
110000
90000
70000
1981
1986
1992
1996
2002
2006
114951
138479
152766
167413
196413
239992

lch8

I 2007 agus 2008 rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS) comhaireamh tithe. Ag glacadh leis go leanfaidh an ráta breithe reatha, meastar go bhfuil daonra reatha Fhine Gall níos mó ná 254,000. D'ainneoin laghdú an ráta de thógáil chónaitheach, meastar go mbeidh méadú suntasach fós i bhformhór na limistéar i bhFine Gall sa tréimhse 2009 – 2012.

Léarscáil 2 Daonáireamh 2006 – Fás Fhine Gall de réir Toghcheantair (TC)

Léirigh Daonáireamh 2006 nach raibh fás daonra Fhine Gall dáilte go cothrom ar fud an chontae. Dhearbhaigh sé go raibh Baile Bhlainséir agus Sord ina bpriomhionaid fáis don chontae, agus gur fhás Baile Brigín go suntasach mar a rinne bailte beaga éagsúla ar fud Fhine Gall. Tá daonra Bhaile Bhlainséir anois níos mó ná daonra Thamhlachta agus tá an daonra céanna ag Sord is

atá ag Cathair Phort Láirge. San athbhreithniú straitéiseach seo tá BFFG ag breithniú na ndúshlán ag eascairt as an bhfás as cuimse seo agus ar an gcaoi is fearr dul i ngleic leis an timpeallacht reatha.

Athrú Déimeagrafach ón Straitéis dheireanach
Sa bhliain 2007, chuir an POS anailís níos sonraí ar fáil maidir le comhdhéanamh an daonra i bhFine Gall, rud a léirigh go raibh an ilchineálacht tar éis dul i méid.

An ghné ba shuntasaí ná an sciar de leanaí sa daonra a sheas ag tuairim is 9% faoi bhun aois a 5; beagnach dhá oiread an chéatadáin de leanaí faoi aois a 5 i bpobail áitiúla eile ar fud an chontae. An mheánaois den daonra, tríd is tríd, ná 32 bliain d'aois, agus mar sin is é Fine Gall an contae is óige sa stát. De bhreis air sin is é 27% an sciar den daonra faoi bhun 18, rud a dhaingníonn an íomhá de Fhine Gall mar chontae óg.

lch9

Fíor 2 Daonra Fhine Gall faoi bhun 5

Tharla athrú gasta ar struchtúr teaghlaigh agus comhdhéanamh teaghlaigh chomh maith. Bhí an-chuid le rá maidir leis seo ag an leibhéal náisiúnta. I bhFine Gall tá an éifeacht léirithe sa líon níos mó teaghlach aontuismitheora agus an meath céimneach ar chineálacha teaghlaigh 'núicléacha'. I nDaonaireamh 2006, taifeadadh go raibh 17,852 i mbreis is 9,600 teaghlach aontuismitheora..

Léarscáil 3 Teaghlaigh Aontuismitheora i bhFine Gall

lch10

Tá díreach breis is 7% d'áitritheoirí Fhine Gall faoi mhíchumas, agus is ionann sin agus tuairim is 16,800 duine. Chuir Daonáireamh 2006 sonraí ar fáil, den chéad uair maidir le miondealú na gcineálacha míchumais, de réir toghcheantair. Ba chóir a mheabhrú go gcuimsíonn an téarma 'míchumas' sraith leathan de riochtaí sóisialta agus síceolaíochta.

Léirigh figiúirí ón Daonáireamh go mbaineann díreach breis is 17% de dhaonra Fhine Gall le pobail nach bhfuil "Bán ná Éireannach". Léiríonn sé seo an ilchineálacht eitneach sa Chontae agus léiríonn go bhfuil níos mó inimirceach ann ná in aon limistéar eile sa tír. Sa Stát ina iomláine, an figiúr inchomparáide ná 10%. Léirigh suirbhé, arna choimisiúnú ag an gCoiste um Bearta Cuimsitheachta Sóisialta[1] go ndearna 51% de na hinimircigh sa Chontae an cinneadh lonnú ann agus Fine Gall a bheith ina mbaile buan san fhadtéarma.

Bonneagar
Áirítear in Iompar 21, Straitéis an Rialtais maidir leis an mbonneagar iompair, go gcuirfí síneadh le hiarnród an DART (Dublin Area Rapid Transport) chuig Baile Brigín agus go dtógfaí líne mheitreo nua, Meitreo Thuaidh ó Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí Sord via Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá sé beartaithe é bheith i gcrích sa bhliain 2013, agus éascóidh sé amanna aistir de 25 nóiméad idir Sord agus Cathair Bhaile Átha Cliath agus beidh tionchar dearfach aige ar fhorbairt eacnamaíochta agus shóisialta i Sord. Sa staidéar ar Bhealach Eacnamaíochta Mheitre Thuaidh, arna choimisiúnú ag Comhairle Contae Fhine Gall sa bhliain 2008, tá an poitéinseal ann do 37,000 post nua i bhFine Gall mar thoradh ar an líne mheitreo nua. Tá líne mheitreo eile beartaithe, Meitreo Thiar, a nascfaidh limistéar Bhaile Bhlainséir le hAerfort Bhaile Átha Cliath agus Sord, agus ar an gcaoi sin ag feabhsú go mór na hinrochtaineachta ar iompar poiblí laistigh den Chontae.

Cuirfidh an meitreo spreagadh breise ar fáil d'fhorbairt bhreise Aerfort Bhaile Átha cliath, an t-eintiteas is tábhachtaí i bhFine Gall. Tá clár forbartha bonneagair ag Údarás Aerfort Bhaile

Átha Cliath dar luach €1.2 billiún, a áiríonn foirgneamh nua Chríochfort 2, atá le hoscailt sa bhliain 2010, agus rúidbhealach nua le haghaidh eitiltí cianaistir.

Tá pleananna á bhforbairt do phort farraige nua ag an mBrí Mhór, ó thuaidh ó Bhaile Brigín, Cuirfidh forbairt na saoráide seo feabhas ar inrochtaineacht ar Fhine Gall agus soláthróidh deiseanna forbartha eacnamaíochta i dtuaisceart an Chontae.

Gnó agus Fiontraíocht
I dtéarmaí fhorbairt eacnamaíochta Fhine Gall, is iad na hearnálacha miondíola, mórdhíola, iompair agus dáileacháin na hearnálacha is tábhachtaí, agus an earnáil is mó ar fad ná 'Iompar, Loighistic, Cumarsáid agus Stóráil' a chuireann 36% de na poist ar fáil ar poist iad atá lonnaithe sa Chontae. Níor thaifead an POS ach 100 gnó atá i mbun déantúsaíocht thraidisiúnta.

Tá bunachar "Rátaí Tráchtála" Chomhairle Contae Fhine Gall ina thráscaire tábhachtach críochnaitheach ar líon na ngnóthaí atá lonnaithe go háitiúil a chuireann leis an eacnamaíocht, ag soláthar fostaíochta agus seirbhísí maoiniúcháin áitiúla. Sa bhliain 2008, léirigh an bunachar sonraí seo go raibh 5,300 gnó inrátála indibhidiúla ag trádáil sa chontae. D'ardaigh sé seo sa bhliain 2009 go dtí 5,700. Léiríonn sé seo leibhéal ollmhór de ghníomhaíochtaí eacnamaíochta áitiúil.

Cheana féin tá roinnt cuideachtaí gormshlise amhail IBM, Astellas, Kelloggs, Hertz, Bristol-Meyers Squibb agus e-Bay lonnaithe i bhFine gall. Cé go bhfuil siad seo dáilte idir Sord agus Baile Bhlainséir, tá na cuideachtaí is mó a chuireann leibhéil arda fostaíochta ar fáil i limistéar Bhaile Bhlainséir.

[1]"Towards an Integrated Community..." (le Ipsos Mori)

lch11

Cuireann na cuideachtaí seo deiseanna ar fáil do chomhpháirtithe fochonraitheoireachta agus fostaíocht bhreise níos mó ná an fórsa oibre díreach ag gach suíomh.

De réir mar a mhoilligh an eacnamaíocht le linn 2008, léirigh an grúpa Invest Fingal Group (Fochoiste um Fhorbairt Eacnamaíocht an Bhoird) gurb iad na costais ag dul in airde an chúis imní is mó do ghnóthaí Fhine Gall, le 60% de ghnóthaí á chur seo in iúl i Suirbhé Gnó & Fostaíochta Fhine Gall 2008. Cé go bhfuil cúlú eacnamaíochta ann faoi láthair, ag am a scríofa ní raibh ach 20% de na cuideachtaí a ndearnadh suirbhé orthu go mbeadh orthu an líon foirne a laghdú, agus nuair a bhí cuideachtaí den tuairim go mbeadh orthu ba i réimse na foirgníochta ba mhó a bhí sé. Léirigh suirbhéanna comhchosúla a rinneadh le blianta beaga anuas gurb iad na príomhchúiseanna imní ná fórsa oibre ar phraghas réasúnta agus scileanna iomchuí.

Fostaíocht
Léirigh Suirbhé Gnó & Fostaíochta Fhine Gall 2008 go bhfuil fós fadhb maidir le heaspa scileanna i gcomhlachtaí go háirithe le haghaidh speisialtóirí teicneolaíochta faisnéise, bainisteoirí airgeadais, díolachán agus margaíocht, innealtóirí, teicneoirí agus speisialtóirí gairneoireachta.

Ag deireadh mhí Feabhra 2009 chuir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh figiúirí an bheo-chláir chun dáta faoi bhráid Bhord Forbartha Fhine Gall. B'ionann na treochtaí náisiúnta agus réigiúnacha le haghaidh fás dífhostaíochta sa bhliain Feabhra 2008 go Feabhra 2009 agus 122% agus 102% faoi seach. Tharla na treochtaí seo a leanas i bpríomhoifigí na RGST a chlúdaíonn Fine Gall:

Feabh 2008 Feabh 2009 % méadú
Baile Brigín 1,,665 3,,554 1113%
Sord 1,739 3,246 87%
Baile Bhlainséir 3,944 7,307 85%

Fíor 3 Beo-Chlár Feabhra 2008-2009

Léirigh figiúirí an Bheo-Chlár go raibh sé níos dóchúla d'fhir faoi bhun aois 25 bheith dífhostaithe ná mná nó fir os cionn 25. De bhreis air sin bhain an céatadán is mó de mhéadú i bhfigiúirí an Bheo-Chláir le "Náisiúnaigh nach Éireannaigh iad", le daoine ó "Stáit Aontachais" an AE is mó faoi thionchar. Féadtar formhór an mhéadaithe sin a chur i leith an chúlaithe in earnáil na foirgníochta agus i dtionscal an fháilteachais.

Cáilíocht na Beatha
Léirigh Daonáireamh 2006 go raibh líon mór d'iontrálaithe nua sa mhargadh tithíochta i bhFine Gall . Thaispeáin na sonraí go raibh 44,000 de dhaoine ag an am nach raibh ag cónaí i bhFine Gall sa daonáireamh roimhe sin. I gcás 11% de dhaoine i bhFine Gall ní raibh siad ag cónaí ag a seoladh reatha an bhliain roimh an Daonáireamh i mí Aibreáin 2006. Tá tionchar suntasach aige sin ar leibhéal foriomlán an "Chaipitil Shóisialta" laistigh den Chontae, agus is éard atá i gceist leis sin ná a mhéad atá daoine nasctha le chéile, a mhéad a bhfuil comhspiorad comharsanachta, saoránachta agus idirghníomhaíochta acu.

lch12
Baile Átha Cliath
Fine Gall
An Stát
9.5 10 10.5 11 11.5 12 12.5
12.5
11.3
10.7
Baile Átha Cliath
Fine Gall
An Stát

Fíor 4 Céatadán na ndaoine atá a bhí ina gcónaí ina limistéar ar feadh tréimhse níos giorra ná bliain amháin

Cé gur cruthaíodh roinnt dúshlán toisc an mhéadaithe le déanaí ar leibhéal na tithíochta sa Chontae tá leibhéal cuíosach ard de ghníomhaíochtaí grúpa agus oibre deonaí laistigh de limistéir áitiúla. Sa bhliain 2008, bhí fhios ag Comhairle Contae Fhine Gall faoi bhreis is 1,300 grúpa pobail, spóirt agus deonach ar leithligh a bhí gníomhach sa Chontae. Is ionann sin agus oibrí deonach amháin in aghaidh gach 184 duine sa Chontae.

Sa tréimhse ó 2005 i leith, rinne Comhairle Contae Fhine Gall idirbheartaíocht maidir le roinnt suíomhanna scoile agus sholáthair iad le haghaidh na Roinne Oideachais & Eolaíochta. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm Shamhail Scoileanna Fhine Gall fuair an Chomhairle 11 shuíomh nua scoile le haghaidh 17 scoil a bheidh ann (15 bhunscoil agus 2 iar-bhunscoil). Laistigh de na 11 shuíomh atá luaite, tá sé beartaithe go dtógfar 9 nIonad Pobail chomh maith mar shaoráidí comhroinnte comhtháite.

Plás Shord, Sord

Lch13

CAIBIDIL 2
ATHBHREITHNIÚ AR STRAITÉIS BFFG 2006 – 2008

Mar réamhtheachtaí ar fhorbairt na Straitéise nua le haghaidh 2009 -2012, rinneadh athbhreithniú ar na bearta a bhí mar bhonn le Straitéis BFFG 2006 – 2008. Breathnaíodh arís ar an réasúnaíocht ba bhonn le gach beart, chomh maith leis an príomhchéimeanna a bhí tuartha, agus rinneadh rath gach birt a mheas i gcoinne na dtagarmharc seo.

Bhí gach beart éagsúil ó thaobh cá mhéad a bhain sé amach an sprioc bhunaidh, ach is féidir na bearta a roinnt go leathan faoi 3 cheannteideal, mar atá léirithe sa tábla thíos.

STRAITÉIS 2006 – 2008

Iomlán	Príomhshruthaithe	Leanúnach
Oiliúint san Ilchineálacht Chultúrtha Seirbhísí Aistriúcháin Anailís ar Sheirbhísí Oideachais Comhtháthú níos Fearr Branda na Chontae	Bealach Siúlóide Fhine Gall (Príomhghníomhaireacht – CCFG) Pleanáil do Ghnóthachtáil Pobail (Príomhghníomhaireacht – CCFG) Feasacht maidir le Fuinneamh (Príomhghníomhaireacht – CCFG)	Fóram Iompair Chomhtháite Fhine Gall Fóram Pháirtithe Leasmhara Aerfort Bhaile Átha Cliath Invest Fingal Soláthar Béarla don Oiliúint agus Fostaíocht Míchumas/Inrochtaineacht Plean Idirghníomhaireachta Fhine Gall don Lucht Siúil Healthy Fingal Mol Sonraí Fhine Gall Comhchoiste Póilíneachta Fhine Gall Coiste um Bearta Cuimsitheachta Sóisialta Fhine Gall Comhairle na nÓg Fhine Gall

Tábla 1

2.1 Bearta Curtha i gCrích le linn Straitéis 2006 – 2008

Tá céim sroichte ag roinnt beart, a bhí san áireamh i Straitéis BFFG 2006 – 2008 FDB, ag a bhfuil a spriocanna bainte amach. I roinnt cásanna baineadh amach na spriocanna deiridh de réir na nithe a raibh cur síos orthu sa réasúnaíocht bhunaidh agus i gcásanna eile athraíodh na spriocanna deiridh nó athdhíríodh iad de réir mar a d'fhorbair an beart.

lch14

Oiliúint san Ilchineálacht Chultúrtha
An aidhm bhunaidh a bhí leis an mbeart seo ná clár oiliúna um fheasacht ilghníomhaireachta a fhorbairt i ndáil le hilchineálacht chultúrtha. Sa bhliain 2007 laghdaíodh raon an bhirt pas beag ach tháinig an deis chun cinn le hiniúchadh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí reatha. Deis ar leith a bhí anseo sa mhéid gurbh é seo an chéad uair riamh a rinneadh measúnú ó bhonn ar na modhanna oiliúna foirne a úsáideann ballghníomhaireachtaí an Bhoird. Féadfaidh baill an Bhoird agus/nó gníomhaireachtaí eile úsáid a bhaint as an tuarascáil a d'eascair as seo agus iad i mbun oiliúint a chur ar a bhfoireann sa réimse seo.
staff in this area.

Seirbhísí Aistriúcháin
An aidhm a bhí leis an mbeart seo ná seirbhísí aistriúcháin fhorbairt tuilleadh do Ghrúpaí Mionlaigh Eitneacha i bhFine Gall agus a fháil amach an bhféadfaí costas na seirbhísí seo a laghdú ar bhealach éigin. Sa bhliain 2007, cónascadh an beart seo leis an mbeart Oiliúint san Ilchineálacht Chultúrtha mar go bhfacthas go raibh siad ag comhlánú a chéile agus go raibh roinnt mhaith de na gníomhaireachtaí céanna páirteach ann. San iniúchadh rinneadh scrúdú ar a mhéad a bhí seirbhísí aistriúcháin forbartha ag gníomhaireachtaí éagsúla i bhFine Gall. Chuir an fhoireann comhthuarascáil ar fáil ag clúdach an dá réimse agus beidh an tuarascáil seo ann le húsáid ag ballghníomhaireachtaí an bhoird.

Anailís ar Sheirbhísí Oideachais
An aidhm bhunaidh leis an mbeart seo ná athbhreithniú bonnlíne a chur ar fáil ar sheirbhísí oideachais foirmiúla agus ar thacaí speisialaithe i bhFine Gall, mar bhonn d'fhorbairt ar phróifíl agus Straitéis uile-Chontae. Cé go raibh an Bord ar an eolas go raibh dul chun cinn á dhéanamh ag an gComhairle ar thabhairt chun tosaigh an chláir forbartha scoile sa Chontae trí "Shamhail Scoileanna Fhine Gall", bhí raon tacaí eile a raibh gá scrúdú níos mine a dhéanamh orthu. I measc na saincheisteanna a bhí san áireamh san anailís bhí soláthar/infhaighteacht curaclaim inscoile, tacaí do dhaltaí le riachtanais speisialta agus cláir chríochnaithe scoile a bheith ar fáil.

Comhtháthú níos Fearr
Thug an Rialtas an fhreagracht do Bhoird Forbartha Cathrach agus Contae feabhas a chur ar an bPróiseas Comhtháthaithe. An aidhm a bhí leis an bpróiseas sin ná a chinntiú go mbeadh rochtain ag gach limistéar agus gach áitritheoir de chuid Fhine Gall ar an bhforbairt áitiúil chuí, agus laghdú a dhéanamh ar dhúbailt soláthair seirbhíse. Chuir Fine Gall i gcrích na próiseas seo, le cur ar bun na Cuideachta Comhpháirtíochta nua LEADER Fhine Gall, a bhí ina chomhcheangal idir Co-Operation Fingal agus an chuideachta Rural Dublin LEADER Company. Tá na chuideachta nua seo freagrach ag gach limistéar thoir ón N2. Chomh maith leis sin freastalaíonn Comhpháirtíocht Limistéir Bhaile Blainséir ar gach limistéar siar ón N2 ag eascairt ó fhairsingiú a limistéir gheografaigh chlúdaigh. Chuir an grúpa stiúrtha um Chomhtháthú Feabhsaithe i gcrích obair ar roinnt téamaí a bhí i gcoiteann ag na grúpaí Forbartha Áitiúla atá ag feidhmiú i bhFine Gall lena n-áirítear fócas sláinte a raibh mar thoradh air gur ceapadh plean gníomhaíochta sláinte don Chorr Dhubh agus athbhreithniú ar chleachtais reatha sa Bhainistiú Eastát.

Branda an Chontae
An cuspóir bunaidh a bhí leis an mbeart seo ná branda a fhorbairt a léireodh na gnéithe dearfacha den Chontae lena n-áirítear daoine, oidhreacht, áit agus eacnamaíocht. Cé go ndearnadh roinnt oibre tugadh faoi deara go raibh branda amháin ródhúshlánach don líon gníomhaireachtaí a bheadh ag iarraidh é a úsáid. Athraíodh fócas an bhirt agus athraíodh a théarmaí tagartha ionas go mbeadh i gceist leis branda a chruthú d'Fhine Gall mar shuíomh forbartha eacnamaíochta. Ina dhiaidh sin dhear gach Gníomhaireacht Forbartha Eacnamaíochta bróisiúr margaíochta don Fhorbairt Eacnamaíochta.

lch15

2.2 Bearta a príomhshruthaíodh

Seo thíos Bearta a forbraíodh le linn thréimhse Straitéis 2006-2008 agus atá tar éis céim a shroicheadh mar ar féidir leo bheith cuimsithe i gníomhaíocht phríomhshruthaithe ghníomhaireacht amháin. I ngach cás tá an beart príomhshuithe ag luí go dlúth le sainchúram an Údaráis Áitiúil agus tá aontaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall iad a chur san áireamh ina gníomhaíochtaí príomhshruthaithe.

Bealach Siúlóide Fhine Gall

Mar chuid de Straitéis 2006-2008 moladh go bhforbrófaí sraith de bhealaí siúlóide sa Chontae. Tá roinnt bealaí nua i gcrích agus tá céimeanna ar bun chun siúlóid áineasa a chur chun cinn i bhFine Gall. Forbraíodh naisc nua le gníomhaireachtaí eile a bhfuil sainchúram acu sa limistéar seo. Cuirfear chun cinn Beart Gníomhaíochta Fhine Gall maidir le Siúlóid trí Straitéis Fóillíochta na Comhairle Contae, atá á forbairt trí Rannóg Pobail, Áineasa agus Conláistí na Comhairle. Tá monatóireacht á déanamh ar an téama siúlóide ag Healthy Fingal freisin, a fheidhmeoidh mar fhóram chun dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí iomchuí seachas an Chomhairle.

Pleanáil do Ghnóthachtáil Pobail

Cuspóir an bhirt seo ná scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun rannpháirtíocht an phobail a mhéadú sa phróiseas pleanála, go háirithe i ndáil le forbairt mhórscála sa Chontae. Roghnaíodh Plean Limistéir Áitiúil Lusca mar thionscadal píolótach agus fostaíodh sainchomhairleoirí chun éascú a dhéanamh ar an bpróiseas. Baineadh feidhm as cur chuige nua maidir le dul i bpáirt leis an bpobal sa phróiseas comhairliúcháin i bhforbairt an phlean phíolótaigh. Beidh nithe tábhachtacha a foghlaimíodh ón anailís ar an tionscadal seo mar bhonn le Pleanáil Rannóige na Comhairle i gcur i ngníomh céimneach Pleananna Limistéir Áitiúil amach anseo.

Feasacht maidir le Fuinneamh

Bunaíodh foireann tionscadail chun iniúchadh a dhéanamh ar an réasúnaíocht le haghaidh úsáid fuinnimh sa Chontae. Sa mhéid go raibh an tsaincheist seo ina chúis imní ar leith do Chomhairle Contae Fhine Gall bunaíodh foireann ildisciplíneach intí laistigh den Chomhairle agus tugadh dóibh an tasc scrúdú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh na Comhairle. Tá feachtas feasachta foirne beartaithe le haghaidh 2009, a chuideoidh le cur i bhfeidhm céimneach na mbeart um laghdú fuinnimh ar fud na Comhairle.

2.3 Bearta atá Leanúnach

I gcás roinnt beart, a cuireadh san áireamh i Straitéis BFFG 2006 – 2008 tá siad ag tarlú ar bhonn leanúnach ar na cúiseanna seo a leanas:

• Bearta atá tiomáinte go náisiúnta agus a éilíonn tiomantas leanúnach agus a n-éilítear maidir leo go bhfanfaidís ina ngné de sheirbhísí a soláthraítear go háitiúil.

• Bearta a cinntear go háitiúil le sainchúram a éilíonn go mbeadh fóram leanúnach ann don chomhoibriú idir na páirtithe áitiúla.

2.3.1 Bearta atá tiomáinte go náisiúnta

I gcás roinnt beart, a bhí ina gcuid de Straitéis BFFG 2006 – 2008 FDB, tharla siad mar thoradh ar threo an Rialtais. I roinnt cásanna tugadh mar fhreagracht dhíreach do na BFC go bhforbrófaí na cuspóirí straitéiseacha seo. I gcásanna eile tugadh an fhreagracht chuí do Chomhairle Contae Fhine ach glacadh cinneadh ag leibhéal áitiúil gurb é Bord Forbartha Fhine Gall is fearr a d'fhorbródh na bearta seo i limistéar Fhine Gall.

lch16

An Coiste um Bearta Cuimsitheachta Sóisialta
Bunaíodh an CBCS faoi mheamram Rialtais sa bhliain 2001 agus an ról atá aige ná obair idirghníomhaireachta maidir le Cuimsitheacht Shóisialta a chur ar aghaidh ag an leibhéal áitiúil. An fócas ag an ngrúpa seo ná a chinntiú go mbeidh soláthar éifeachtach ann ar raon seirbhísí comhordaithe do dhaoine atá ag fulaingt eisiamh sóisialta sa Chontae. I measc na hoibre a rinne CBCS le linn thréimhse Straitéis 2006-2008 bhí roinnt bearta a cuireadh ar aghaidh le maoiniú a fuarthas faoin “Anti-Racism and Diversity Plan” as ar eascair go háirithe forbairt “Fingal Ethnic Network” agus cur i gcrích staidéar taighde Fhine Gall ar Mhionlaigh Eitneacha.

Míchumas/Inrochtaineacht
Thug an Rialtas freagracht do Bhoird Chathrach agus Chontae a chinntiú go mbeadh míchumas ina phríomhthéama ina bpleananna straitéiseacha agus forbraíodh an beart seo dá réir sin. D’fhonn é sin a chur chun cinn, rinneadh coimisiúnú sa bhliain 2008 ar “Iniúchadh ar Phriomhsholáthar Seirbhíse” do dhaoine faoi Mhíchumas i limistéar Fhine Gall”. Tá sé beartaithe an t-iniúchadh seo a chur i gcrích sa bhliain 2009 agus saineofar ann na láidreachtaí agus laigí sa soláthar seirbhíse do dhaoine atá faoi mhíchumas sa Chontae.

Plean Idirghníomhaireachta Fhine Gall don Lucht Siúil

Éilíonn an rialtas ar gach Bord Forbartha Cathrach agus Contae Plean Idirghníomhaireachta Contae don Lucht Siúil a bheith acu. Tá an grua seo ina fhochoiste de Bhord Forbartha Fhine gall agus chuir sé i gcrích Plean Gníomhaíochta a chuir sé faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i mí an Mheithimh 2008. Sa Phlean luadh cúig réimse tosaíochta don chéim feidhmithe .i. Cóiríocht, Oideachas, Sláinte, Fostaíocht agus Dlí & Ord.

Comhchoiste Póilíneachta Fhine Gall
Thug Acht an Gharda Síochána Act 2005 freagracht do gach Údarás Áitiúil as Comhchoiste Póilíneachta a thionól ina limistéar riaracháin. I bhFine Gall rinne an Bord Forbartha Contae éascú air seo. Cuireann na coistí seo fóram ar fáil don Gharda Síochána, Údaráis Áitiúla., baill den Oireachtas agus leasanna pobail, chun freastal ar bhealach struchtúrtha ar chúrsaí a théann i bhfeidhm ar phóilíneacht limistéar an údaráis áitiúil. Cuireann an próiseas seo ar chumas gach páirtí cion tábhachtach a dhéanamh maidir le dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le coiriúlacht ag an leibhéal áitiúil.

Comhairle na nÓg Fhine Gall
Thug an Rialtas an fhreagracht do Bhoird Forbartha Cathrach agus Contae modhanna a chruthú trína bhféadfadh daoine óga gutha a bheith acu i nithe a théann i bhfeidhm orthu ag leibhéal áitiúil agus leibhéal náisiúnta. Cuireann Comhairle na nÓg Fhine Gall (CÓFG) fóram ar fáil do dhaoine óga tionchar a bheith acu ar pholasaí Náisiúnta agus Áitiúil an Rialtais. Déanann a bpiaraí na 24 ball CÓFG a thoghadh gach dara bliain. Seolann CÓFG 8 dtoscaire chuig Dáil na nÓg, imeacht ag ar féidir le daoine óga a dtuairimí a roinnt ar a chéile agus a dtorthaí a chur faoi bhráid an Rialtais.

2.3.2 Fóraim a Aontaítear go hÁitiúil
Thionóil an Bord Forbartha roinnt Fóram ar cinneadh orthu go háitiúil agus a d’imigh i ngleic le riachtanais a bhaineann go sonrach le Fine Gall. Le linn shaolré Straitéis 2006-2008 fuair ballghníomhaireachtaí an Bhoird a raibh tús áite acu sna Fóraim go raibh riachtanas fadtéarmach ann le go leanfaí leo.

lch17

Invest Fingal
Is grúpa idirghníomhaireachta comhoibritheach é Invest Fingal arna stiúradh ag Comhairle Contae Fhine all, a dhéanann comhordú ar fhorbairt eacnamaíochta na Contae agus a chuireann é chun cinn. Bhunaigh Invest Fingal dhá ghrúpa oibre chun déileáil le riachtanais scileanna agus fostaíochta reatha agus amach anseo agus comhordú, ceapadh agus cur chun cinn a dhéanamh ar thacaí cothaithe fiontar. D'aithin an Rialtas an luach a bhaineann le grúpaí cosúil le Invest Fingal agus anois tá sé tar éis freagracht a thabhairt do gach Bord Forbartha Cathrach agus Contae as fochoistí um Fhorbairt Eacnamaíochta a chur i bhfeidhm.

Soláthar Béarla don Oiliúint agus Fostaíocht
Bhí an fhoireann gníomhaíochta seo ag iniúchadh na gconstaicí atá ann i mbealach fostaíochta do bhaill na bpobal nua i bhFine Gall. Dhírigh an grúpa seo ar bhearnaí i soláthar Oiliúna sa Bhéarla mar phríomhchonstaic i mbealach fostaíochta agus/nó athsciliú. Táthar le dhá thionscadal phíolótacha Béarla a reáchtáil go luath sa bhliain 2009 agus ina dhiaidh sin déanfar measúnú neamhspleách orthu i mí an Mheithimh 2009. Ag an bpointe seo rachaidh an fhoireann i gcomhairle leis na Ranna Rialtais iomchuí ag féachaint le sruth maoiniúcháin a fháil chun cúrsaí a chur i bhfeidhm go céimneach ar bhonn uile-chontae. Ina dhiaidh sin, on déanfaidh an grúpa de chuid Invest Fingal , dá dtagraítear thuas scrúdú ar riachtanais oiliúna na todhchaí, más ann dóibh, sa réimse seo.

Fóram Iompair Chomhtháite Fhine Gall
Is meicníocht an Fóram seo a cheadaíonn do na gníomhaireachtaí sin a bhfuil sainchúram iompair acu agus forais eile le hobair a bhfuil fócas bainteach acu oibriú go dlúth lena chéile chun éascú a dhéanamh ar phleanáil chomhcheangailte an bhonneagair iompair sa Chontae. Seachas an fócas ar sholáthar seirbhísí iompair, cuireann aschur ón bhfóram eolas ar fáil maidir le próisis phleanála don todhchaí a mbíonn forais rannpháirteacha ina mbun.

Fóram Pháirtithe Leasmhara Aerfort Bhaile Átha Cliath (FPLABÁC)
Éascaíonn FPLABÁC plé ar raon leathan de nithe a bhaineann le forbairt agus oibriú Aerfort Bhaile Átha Cliath. Páirteach san fhóram tá raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, na gníomhaireachtaí um fhorbairt eacnamaíochta, ionadaithe ó ghrúpaí pobail áitiúla agus na t-údarás áitiúil. Daingníodh an fóram le déanaí nuair a cuireadh ar bun 3 ghrúpa oibre, gach ceann le plean sonrach oibre.

Healthy Fingal
Is éard atá in Healthy Fingal ná Fóram le haghaidh Páirtithe Leasmhara a bhfuil mar aidhm aige Sláinte agus Folláine a chothú trí mheán na hoibre idirghníomhaireachta i bhFine Gall. D'aontaigh an grúpa seo a phlean oibre don tréimhse 2008-2010. Féachfaidh siad le tionchar a imirt ar phleananna meántéarmacha an chontae trí ionchur sa Phlean Forbartha Contae agus i Straitéis Fóillíochta an Chontae. Chomh maith leis sin tá cuspóir ag an ngrúpa i ndáil le soláthraithe seirbhíse eile a thabhairt le chéile a chuireann seirbhísí agus cláir ar fáil agus a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an bpobal áitiúil. I bhfianaise an chúlaithe i dtreochtaí fostaíochta le déanaí, déanfaidh grúpa Healthy Fingal breithniú ar tionchar diúltach saincheisteanna amhail dífhostaíocht ar an tsláinte i gcoitinne agus ar fholláine shaoránaigh Fhine Gall.

Mol Sonraí Fhine Gall
Is grúpa idirghníomhaireachta é Mol Sonraí Fhine Gall a fhéachann le hinfhaighteacht sonraí sainiúla Fhine Gall a mhéadú d'fhonn cuidiú leis an bpleanáil don soláthar seirbhíse amach anseo ar bhealach straitéiseach. Aimsíodh táirge comhéadain gréasánbhunaithe a léiríonn

sonraí Fhine Gall ar bhonn limistéir bhig agus ní gá do gach gníomhaireacht ach a shonraí a gheo-chódú d'fhonn páirt a ghlacadh ann.

Caiselán Ard Goilláin, Na Sceirí

lch19

CAIBIDIL 3
AN STRAITÉIS NUA A FHORBAIRT

An Straitéis Nua a Fhorbairt
Chuir an Bord in iúl don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go luath i mí Dheireadh Fómhair 2008 go gcuirfeadh sé tús le hAthbhreithniú ar Straitéis Forbartha an bhoird. Ba chóir don cháipéis athbhreithniúcháin Straitéis nua a chuimsiú le líon teoranta de théamaí straitéiseacha. Ba chóir di freisin sainiú soiléir a dhéanamh ar an bplean feidhmithe le haghaidh na tréimhse 2009-2012. Ba chóir go ndéanfadh an Bord Forbartha Contae faomhadh ar an Straitéis faoi dheireadh mhí Aibreáin 2009.

Treoirphrionsabail
D'áirigh treoirlínte an rialtais maidir leis an bpróiseas na príomhfhorálacha seo a leanas:

• Sainaithint a dhéanamh ar líon teoranta de phríomhthosaíochtaí agus de théamaí straitéiseach seachas na dtionscnamh a chinntear go náisiúnta

• Béim ar leith a leagan ar thorthaí níos fearr don duine aonair trí sholáthar comhtháite seirbhíse

Struchtúir
Rinneadh cuid amháin den phróiseas athbhreithniúcháin a éilítear faoi na Treoirlínte sa bhliain 2007 nuair a reáchtáil Stiúrthóir na Seirbhísí agus an Cathaoirleach sraith cruinnithe le baill indibhidiúla den Bhord. Le linn an phróisis seo fuarthas tuairimí an Bhoird maidir le conas a bhraith a d'fhéadfaí ról an Bhoird a dhaingniú agus cad iad na hathruithe ba chá chun feabhas a chur ar éifeachtach.

Ag eascairt ón tréimhse chomhairliúcháin seo, rinneadh roinnt athruithe agus leasuithe ar ghnáthaimh agus struchtúir oibríochta an Bhoird. Seo a leanas achoimre ar na hathruithe ar struchtúir:

• Deireadh a chur le struchtúr an choiste tharmligthe a bhí ann roimhe sin agus go dtiocfadh an Bord uile le chéile 4 huaire sa bhliain

• Cruthú Coiste Feidhmiúcháin an Bhoird.

• Béim níos mó a leagan ar líonrú agus ar eolas a roinnt ag cruinnithe Boird chun deis a thabhairt don Bhord breithniú a dhéanamh ar thosaíochtaí agus ar shaincheisteanna nua de réir mar a thiocfaidís chun cinn.

An Próiseas Athbhreithniúcháin
Thosaigh an próiseas athbhreithniúcháin ag cruinniú Mheán Fómhair 2008 an Bhoird. Aontaíodh na cinntí seo a leanas i ndáil leis an athbhreithniú:

• D’ullmhódh Stiúrthóireacht BFFG cáipéis ina mbeadh breac-chuntas ar phróifíl reatha Fhine Gall agus ar a phróifíl amach anseo, rud a bheadh mar bhonn do bhreithniúcháin an Bhoird i bhforbairt Straitéis 2009-2012 le haghaidh Fhine Gall.

• Gheofaí tuairimí bhaill an bhoird trí cheistneoir a eisiúint chuig gach ball.

Dréachtaíodh ceistneoir agus seoladh é chuig gach ball Boird. Léirigh anailís ar na ceistneoirí a seoladh ar ais tograí éagsúla agus téamaí breise le cur san áireamh i Straitéis athbhreithnithe. Rinneadh athrangú ar gach saincheist a luadh faoi cheannteidil ghinearálta amhail Bonneagar, Forbairt Eacnamaíochta agus Cuimsitheacht Shóisialta. Mar chuid den obair seo,

lch20

bhí ar Stiúrthóireacht BFFG cuimhne a choinneáil ar Threoirlínte an rialtais maidir leis an bpróiseas athbhreithnicháin a d’éiligh go sainaithneofaí ‘bailte nádúrtha’ laistigh de struchtúir reatha na Bhoird do na bearta molta, m.sh. measadh go mbeadh turasóireacht agus saincheisteanna bunaithe ar an eacnamaíocht faoi shainchúram Invest Fingal, Coiste Forbartha Eacnamaíochta an Bhoird. Ar an gcaoi chéanna measadh go mbeadh saincheisteanna a bhaineann le himeascadh na seanphobal agus na bpobal nua faoi shainchúram an Choiste um Bearta Cuimsitheachta Sóisialta (CBCS).

Thiomsaigh an Stiúrthóireacht tuarascáil iomlán agus cuireadh é faoi bhráid an Bhoird ag a chruinniú i mí na Nollag 2008. D’aontaigh baill an Bhoird na nithe seo a leanas:

• Leanúint de bhearta arna gcinneadh go náisiúnta
• Leanúint de thionscnaimh leanúnacha iomchuí áitiúla
• Tionscnaimh nua a chorprú laistigh de Struchtúir reatha an Bhoird
• D’fhéadfaí bearta príomhshrutha a chuimsiú in obair ballghníomhaireachta.

Bhí na prionsabadail thuasluaite ina mbonn don obair ar thosaigh an Stiúrthóireacht uirthi chun na príomhréimsí gníomhaíochta a shainaithint le haghaidh Bhord Forbartha Fhine Gall le linn thréimhse Straitéis nua 2009 -2012 mar atá leagtha amach sa chéad chaibidil eile.

Tar éis chinntí an Bhoird i ndáil leis na téamaí straitéiseach atá le cuimsiú i Straitéis 2009-2012, mhol Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go mbunófaí Coiste Seirbhísí Leanaí fhine gall faoi scáth an Bhoird. D’fhaomh an Bord an moladh seo i mí an Mhárta 2009 agus áiríodh é i Straitéis nua BFFG.

Aerfort Bhaile Átha Cliath

lch21

CAIBIDIL 4 – GLUAISEACHT CHUN CINN 2009 – 2012

Sa phróiseas athbhreithniúcháin a reáchtáladh ó mhí Dheireadh Fómhair 2008 go dtí mí an Mhárta 2009 sainaithníodh 12 Théama Straitéiseacha. Léiríonn na téamaí seo raon leathan de réimsí seirbhíse agus polasaí, ceaptha ionas go mbeidís ábhartha do gach ballghníomhaireachta a ndéanann an Bord ionadaíochta orthu. Eascróidh grúpa oibre as gach téama agus beidh na grúpaí sin mar a bheadh fochoistí de Bhord Forbartha Fhine Gall.

Mar a bhí i gceist le Straitéisí roimh seo, luíonn an fhreagracht le baint amach na dtorthaí leis na heagraíochtaí ainmnithe, leis an mBord ag soláthar tacaíochta agus struchtúr trínar féidir éascú agus monatóireacht a dhéanamh ar an obair idirghníomhaireachta.

Laistigh de gach téama straitéiseach, tá Bord Forbartha Fhine Gall tiomanta de profú a dhéanamh ar na torthaí lena chinntiú go mbeidh siad inmharthana. Cé go bhfuil na téamaí sin teoranta maidir lena líon, tá siad uaillmhianach maidir lena raon agus lena n-ilchineálacht. Cuirfear iad i bhfeidhm chun comhtháthú níos fearr eacnamaíochta, comhshaoil agus forbartha sóisialta a bhaint amach sa Chontae agus díriú ar bhearta, a éilíonn freagra ilghníomhaireachta agus ceannaireacht chruthaitheach chun a dtorthaí a bhaint amach.

Eascraíonn roinnt de na téamaí seo ó threoirlínte náisiúnta, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:
• An Coiste um Bearta Cuimsitheachta Sóisialta
• Invest Fingal – an Coiste Forbartha Eacnamaíochta
• Fóram Míchumais/Inrochtaineachta Fhine Gall
• Grúpa Idirghníomhaireachta Fhine Gall don Lucht Siúil
• Mol Sonraí Fhine Gall
• Comhchoiste Póilíneachta Fhine Gall
• Comhairle na nÓg Fhine Gall
• Coiste Seirbhísí Leanaí Fhine Gall

Cuireadh tús le cinn eile amhail Fóram Iompair Chomhtháite Fhine Gall. Fóram Pháirtithe Leasmhara Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Healthy Fingal sa leagan leasaithe de cháipéis BFFG 'Strategy into Action' 2006-2008 agus tá siad fós idir lámha toisc an ábharthacht leanúnach a bhaineann leo i ndáil le ballghníomhaireachtaí eile agus a dtábhacht ó thaobh fhorbairt an Chontae i gcoitinne. Chomh maith leis sin thug an Bord ar aghaidh téama straitéiseach a bhaineann le bacainní ar fhostaíocht do phobail de mhionlaigh eitneacha i bhFine Gall, ar leagan béim bhreise ar fhianaise ina leith i dtaighde a rinne sainchomhairleoirí thar ceann an Bhoird.[2]

Seo a leanas sraith de theimpléid a leagann amach mar théarmaí tagartha cad a sholáthróidh gach Grúpa thar an gcéad trí bliana eile. Luann an teimpléad ainm gach Grúpa/Fóraim, a chuspóir agus na príomhrannpháirithe atá riachtanach le go mbeidh rath air. Chomh maith leis sin tá na príomhchéimeanna atá le tógáil, amscála agus gealltanas i leith na gcostas.

Beidh gá le linn thréimhse na Straitéise athscrúdú a dhéanamh go leanúnach ar na téamaí agus na tosaíochtaí atá sa Straitéis. Beidh gá a bheith ullamh athrú, tosaíocht na dtéamaí a athrú nó rud nua ar fáil a fhorbairt bunaithe ar na treochtaí agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn.

[2] "Towards and Integrated Community" - A Survey of Minority Ethnic Communities in Fingal (arna ullmhú ag Ipsos MORI)
agus "English Language Training in Fingal" (arna ullmhú ag Collier Broderick).

lch22

Teideal	**An Coiste um Bearta Cuimsitheachta Sóisialta (CBCS)**

Cuspóir	Is grúpa uile-chontae é an CBCS a bunaíodh faoi threoirlínte náisiúnta. An cuspóir atá aige ná comhoibriú idirghníomhaireachta a chur chun cinn agus comhordú níos fearr a dhéanamh ar sheirbhísí/gníomhaíochtaí maidir le cuimsitheacht shóisialta ag an leibhéal áitiúil.

Róil na bPáirithe Rannpháirteacha	Cathaoir	Airgeadas	Comhordú agus Tacaíocht	Sonraí a Sholáthar	Comhtháthú le Pleananna	Tuairimí a sholáthar agus Breathnú	

CCFG	√ √ √ √
FSS	√ √ √ √
Stiúrthóireacht BFFG	√ √ √ √ √ √
FÁS	√ √ √ √
Coiste Gairmoideachais BÁC	√ √ √ √
RGST	√ √ √ √
CCLFG	√ √ √ √ √
An Garda Síochána	√ √ √ √
FLP	√ √ √ √ √
BAP	√ √ √ √ √
ACPIF	√ √ √ √
CIS	√ √ √ √
Pavee Point	√ √ √ √
Comhairle Cheardchumann BÁC	√ √ √
Líonra Eitneach Fhine Gall	√ √ √

Príomhchéimeanna	• Plean oibre a fhorbairt. • Téamaí trasghearrthacha a shainaithint do bhallghníomhaireachtaí, ag eascairt ón gcúlú eacnamaíochta reatha. • Oibriú leis an Aonad um Chuimsitheacht Shóisialta, Comhairle Contae Fhine Gall chun forbairt a dhéanamh ar Phróifíl Bhochtaineachta d'Fhine Gall • Na seirbhísí agus gníomhaíochtaí cuimsitheachta sóisialta a shainaithint atá ar fail trí sholáthraithe seirbhíse poiblí i bhFine Gall. • Oibriú leis an Aonad um Chuimsitheach Shóisialta, Comhairle Contae Fhine Gall chun Straitéis Áitiúil Frithbhochtaineachta agus Cuimsitheachta Sóisialta a fhorbairt (LAPSIS).

Amscála	• Plean oibre i gcrích faoi lár 2009. • Próifíl Bhochtaineachta i gcrích faoi chuid deiridh de 2009. • LAPSIS i gcrích faoi 2011

Táscairí	• Cur i gcrích na mbeart atá sa phlean oibre. • Ról méadaithe don CBCS ag Cruinnithe Bhord Forbartha Fhine Gall. • Leibhéal tinrimh ag cruinnithe.

Gealltanas i leith acmhainní	Leanfaidh Bord Forbartha Fine Gall ag riaradh agus ag tacú le hobair an Choiste um BCS. Gheofar maoiniú do bhearta indibhidiúla ó ghníomhaireachtaí rannpháirteacha nó ón rialtas náisiúnta de réir mar is cuí.

lch23

Teideal	**Invest Fingal – Coiste Forbartha Eacnamaíochta Bhord Forbartha Fhine Gall.**

Cuspóir	Is grúpa comhoibritheach idirghníomhaireachta é Invest Fingal, arna stiúradh ag Comhairle Contae Fhine Gall, agus a dhéanann comhordú agus cothú ar fhorbairt eacnamaíochta sa Chontae chun tionscnamh agus soláthar gníomhaíochtaí sainiúla soláthair seirbhíse a áireamh agus chun eacnamaíocht a chur chun cinn sa Chontae.

Róil na bPáirithe Rannpháirteacha	Cathaoir	Airgeadas	Comhordú agus Tacaíocht	Sonraí a Sholáthar	Comhtháthú le Pleananna	Tuairimí a sholáthar agus Breathnú	

CCFG √ √ √ √ √ √ Stiúrthóireacht BFFG √ √ √ IDA √ √ √ FCEB √ √ √ DAA √ √ √ FLP √ √ √ Fiontraíocht Éireann √ √ √ Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath √ √ √ Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, √ √ √ Fingal Tourism Ltd. √ √ √ Cumann Lucht Tráchtála Fhine Gall √ √ √ Cumann Lucht Tráchtála Bhaile Brigín √ √ √ Cumann Lucht Tráchtála Bhaile Bhlainséir √ √ √

